Máithrín Crann Teile

Seanscéal ón Rúis

Leathanach bán

Máithrín Crann Teile

Seanscéal ón Rúis

Lá den tsaol, bhí fear bocht ina chónaí i sráidbhaile sa Rúis. Bobal ab ainm dó. Ní raibh airgead ag Bobal. Ní raibh eallach aige. Ní raibh capaill aige. Chónaigh sé i mbothán bocht adhmaid.

Lá amháin, thosaigh an sneachta a thitim. Thóg Bobal leis a thua agus chuaigh amach sa choill a chruinniú brosna le tine a dhéanamh. Sa choill, tháinig sé ar chrann ard teile.

"Leagfaidh mé an crann teile seo," ar seisean. "Déanfaidh sé scoth brosna do mo thine." Bhuail sé buille dá thua ar an chrann teile. Ach ba chrann draíochta é an crann teile seo.

"Stad, a Bhobail!" a dúirt sé. "Ná buail le do thua mé, is mise Máithrín Crann Teile. Má ligean tú mo bheo liom, tabharfaidh mé duit mian do chroí."

"A Mháithrín Crann Teile," arsa Bobal, "seo é mo mhian. Ba mhaith liom mála óir, teach breá maisiúil, agus eallach agus capaill ag innilt ar mo chuid talaimh féin."

"Gabh chun an bhaile, a Bhobail," arsa Máithrín Crann Teile, "fuair tú do mhian."

Rith Bobal chun an bhaile, an méid a bhí ina chorp.

Nuair a shroich sé an baile, fuair sé mála óir ansin roimhe, teach breá maisiúil, agus eallach agus capaill ag innilt ar a chuid talaimh féin. Ar dtús, bhí Bobal breá sásta, ach lá amháin, d'amharc sé ar a bhean chéile.
"Nach gránna míofar an bhean atá agam!" ar seisean. "Ba mhaith liom bean dhóighiúil agam."
Chuaigh sé amach sa choill agus bhuail buille dá thua ar an chrann teile.
"Stad a Bhobail!" arsa Máithrín Crann Teile. "Lig mo bheo liom agus tabharfaidh mé duit mian do chroí."
"Ba mhaith liom tú mo bhean a dhéanamh dóighiúil," arsa Bobal.
"Gabh chun an bhaile, a Bhobail," arsa Máithrín Crann Teile, "fuair tú do mhian."
Rith Bobal chun an bhaile chomh gasta agus a thiocfadh leis.
Nuair a shroich sé an baile, fuair sé amach go raibh a bhean anois ar an bhean ba dhóighiúla sa tsráidbhaile. Ar dtús, bhí sé sona sásta, ach lá amháin, ar seisean leis féin, "Ba mhaith liom bheith i m'fhear mór le rá."
Chuaigh sé amach sa choill, agus bhuail sé buille dá thua ar an chrann teile.
"Stad, a Bhobail!" arsa Máithrín Crann Teile. "Lig mo

bheo liom agus tabharfaidh mé duit mian do chroí."
"Ba mhaith liom bheith i m'fhear mór le rá," arsa Bobal.
"Gabh chun an bhaile, a Bhobail," arsa Máithrín Crann Teile, "fuair tú do mhian." Rith Bobal chun an bhaile go tiubh géar gasta.
Ar an bhealach chun an bhaile dó, chuaigh sé thart le beirt fhear, agus bhain an bheirt fhear díobh a gcuid bairéad.
"Anois," arsa Bobal, "tá mé i m'fhear mór le rá."
Ar feadh tamaill, bhí Bobal sona sásta, ach lá amháin, tháinig tiarna an tsráidbhaile an bealach, agus b'éigean do Bhobal a bhairéad a bhaint de.
"Ba mhaith liom bheith i mo thiarna," ar seisean leis féin.
Chuaigh sé amach sa choill agus bhuail sé buille dá thua ar an chrann teile.
"Stad, a Bhobail!" arsa Máithrín Crann Teile. "Lig mo bheo liom agus tabharfaidh mé duit mian do chroí."
"Ba mhaith liom bheith i mo thiarna," arsa Bobal.
"Gabh chun an bhaile, a Bhobail," arsa Máithrín Crann Teile, "fuair tú do mhian." Rith Bobal chun an bhaile ar luas na gaoithe, agus ar an bhealach chun an bhaile dó, casadh air beirt fhear mhóra le rá, agus bhain an bheirt fhear mhóra le rá seo a gcuid bairéad díobh.

"Tá mé i mo thiarna anois," arsa Bobal.
Ar feadh seal, bhí Bobal sona sásta, ach lá amháin, tháinig ceannasaí an tsráidbhaile an bealach agus b'éigean do Bhobal umhlú dó.
"Ba mhaith liom bheith i mo cheannasaí," ar seisean.
Chuaigh sé amach sa choill, agus bhuail sé buille dá thua ar an chrann teile.
"Stad a Bhobail!" arsa Máithrín Crann Teile. "Lig mo bheo liom agus tabharfaidh mé duit mian do chroí."
"Ba mhaith liom bheith i mo cheannasaí," arsa Bobal.
"Gabh chun an bhaile," arsa Máithrín Crann Teile, "fuair tú do mhian." Rith Bobal chun an bhaile go beo sciobtha, agus ar an bhealach chun an bhaile dó, casadh air beirt tiarnaí, agus d'umhlaigh na tiarnaí dó.
"Tá mé i mo cheannasaí anois," arsa Bobal.
Ar feadh tamaill, bhí Bobal sona sásta. Ach, lá amháin, tháinig rí an bealach agus b'éigean do Bhobal a ghlúin a fheacadh dó. Chuaigh sé amach láithreach sa choill, agus bhuail sé buille dá thua ar an chrann teile.
"Ba mhaith liom bheith i mo rí," ar seisean.
Chrom Máithrín Crann Teile a ceann le huafás.
"Ní féidir é!" ar sise. "D'iarr tú barraíocht. Ní thig liom do mhian a thabhairt duit."

Thóg Bobal a thua ag brath buille eile a bhualadh ar an chrann teile, ach sciorr an tua amach as a lámh agus d'imigh sí as radharc.
Rith Bobal go gasta chun an bhaile, agus sa rith dó rinneadh bratóga dá chuid éadaí breátha. Ar an bhealach chun an bhaile dó, casadh air ceannasaí agus níor fheac sé a ghlúin do Bhobal.
"Ní rí mé," arsa Bobal. Chonaic sé tiarna, agus níor umhlaigh an tiarna do Bhobal.
"Ní ceannasaí mé," arsa Bobal.
Casadh fear dó, agus níor bhain an fear a bhairéad de i láthair Bhobail.
"Níl mé i mo thiarna," arsa Bobal, "agus níl mé fiú i m'fhear mór le rá. Caithfidh sé gur fear bocht arís mé."
Nuair a shroich Bobal an baile, ní raibh roimhe ach an seanbhothán adhmaid. Bhí a theach bheá maisiúil ar shiúl. Agus níorbh í a bhean an bhean ba dhóighiúla sa tsráidbhaile. "D'iarr mé i bhfad barraíocht," ar seisean, "agus anois tá gach rud caillte agam."
"Ach ní fíor sin," arsa bean Bhobail. "Rinne Máithrín Crann Teile cineál orainn. Tá eallach go fóill againn, agus capaill agus mála airgid. Caithfidh muid a dhul ag obair anois go crua agus a bheith sásta lenár ndóigh."

Ina dhiaidh sin, mhair Bobal agus a bhean go sona sásta. Uair sa bhliain, théadh siad amach sa choill a amharc ar an chrann draíochta teile.

"Sonas ort, a Mháithrín Crann Teile!" a deireadh siad. "Is tú an crann teile is críonna ar domhan."

Leathanach bán

© CCEA 2022

Arna chéad fhoilsiú ag Bunscoil Phobal Feirste 1991

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning